# Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí
as Cois Fharraige




Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

22 Aibreán 2021

## GIRSEACHA NA GAILLIMHE

Comhghairdeachas ó chroí le **Girseacha na Gaillimhe** Síofra, Clíona agus Katie - as Coláiste Cholmcille a bhí páirteach i gCraobh Scléip 2021 ar líne. Craoladh an chraobh ar líne ar an gCéadaoin 14 Aibreán. Bhí na cailíní in iomaíocht le trí ghrúpa eile sa gcatagóir 'Poghrúpa/Racghrúpa le féintionlacan' agus rinne na cailíní sár-jab! Is féidir breathnú ar an gcraobh ar líne, ar an leathanach Facebook: Scléip Gael Linn. Maith sibh a ghirseacha, tá muid ag súil le tuilleadh ceoil a chloisteáil uaibh go luath! Comhghairdeachas!




## TOM SAILÍ AR SHLÍ NA FÍRINNE



Cúis mhór bróin ar fud Chonamara le gairid bás Tom Sailí Uí Fhlaithearta. B'as an gCeathrú Rua dó ach chaith sé blianta fada ina chónaí ar an gCaorán i mBaile na hAbhann. Mairfidh a cháil mar aisteoir agus mar aithriseoir filíochta agus thug sé léargas paiteanta ar sin sa léiriú a rinne sé ar Chóilín i Ros na Rún ar feadh i bhfad. Múinteoir ab ea Tom a chaith blianta ag múineadh i gColáiste Cholmcille in Indreabhán áit ar spreag sé dúil sa drámaíocht i mórán daltaí dá chuid, iad ag taisteal na tíre le léirithe a bhain neart duaiseanna amach. Fear uasal, cairdiúil, gealgháireach, meabhrach ab ea Tom a bhí dílis don oidhreacht as ar fáisceadh é. Comhbhrón lena mhuintir agus lena chairde atá faoi bhrón. Suaimhneas síorraí go raibh aige.

## AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH

Beidh **An Ghaeltacht faoi Bhláth** á óstáil ag Oifigeach Pleanála Teanga Béal an Phobail ar an Máirt 27ú Aibreán @ 7:30i.n. ar *Zoom.* Eoghan Ó Curraighín a bheas i mbun cainte agus caoirigh sléibhe a bheas á phlé aige. Roinnfidh Eoghan a chuid saineolais, nodanna agus dea-chomhairle agus beidh deis ag an lucht éisteachta ceisteanna a chur ar Eoghan chomh maith agus plé ginearálta a dhéanamh ar thopaic na hoíche. Beidh duais le buachan ar an oíche chomh maith! Déan teagmháil le optchois fharraige@gmail.com le clárú don ócáid roimh mheánlae ar an Luan 26ú le cinntiú go gcuirfear do spás in áirithe. Feicfidh muid ann sibh!




## FOLÚNTAS: AN BUILÍN BLASTA

Tá an **Builín Blasta** sa tóir ar chócaire taosáin chomh maith le cócaire sinsearach don chaifé. Uaireanta solúbtha, i rith an lae atá i gceist. Ní mór d'iarrthóirí bheith cruthaitheach agus suim acu miasanna nua a chruthú le comhábhair Éireannacha. Is féidir eolas a fháil ach teagmháil a dhéanamh le info@builinblasta.ie



Builín Blasta
CAFE & BAKERY

## FOLÚNTAS: COMHARCHUMANN SHAILEARNA

Tá **Comharchumann Shailearna Teo** ar lorg duine cruthaitheach, tionscantach do phost mar Chomhordaitheoir Tograí. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag www.cst.ie nó teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig sailearna@gmail.com le breis eolais a fháil. Glacfar le hiarratais go dtí an Aoine 7ú Bealtaine.


Comharchumann Shailearna Teo

## PLOTANNA MÓNA AR FÁIL

Tá tús curtha ag **Comharchumann Shailearna** le séasúr baint na bplotanna móna don bhliain 2021. Ní mór an fhoirm agus an íocaíocht iomlán a bheith déanta roimh an Aoine 23ú Aibreán le plot móna a chur in áirithe. Is féidir foirm iarratais a fháil ach glaoch ar an gComharchuman ag 091 593 017 nó seol teachtaireacht ríomhphoist chuig sailearna@gmail.com le tuilleadh eolais a fháil.

## CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE

Beidh **Club Leabhar Chois Fharraige** ag teacht le chéile ar *Zoom* ar an 12 Bealtaine ag a 8 i.n. chun an t-úrscéal gearr "*Thar na Tonnta*" le Beairtle Ó Conaire a phlé. Tá an leabhar ar fáil ó shiopa Cló Iar Chonnacht. Ní gá ach ríomhphost a chur chuig clubleabhar cf@gmail.com agus seolfar nasc chugat ar an lá. Bígí ag léamh agus bígí linn. Feicfidh muid ann sibh!




## SOILSE AR CHÓSAN AN SPIDÉIL

Tá **Comhlacht Forbartha an Spidéil** ag iarraidh ar an gComhairle Chontae soilse a shocrú ar an gcosán chois cladaigh sa Spidéal. Creideann Aodán Mac Donncha, Bainisteoir Chomhlacht Forbartha An Spidéil gurbh fhearr soilsí gréine a úsáid. Molann sé leas a bhaint as scéim atá oscailte don Chomhairle Chontae a bhaineann le hAthrú Aeráide, leis na soilse a fheistiú chun an cosán a dhéanamh níos sábháilte. Tá an cosán ag tarraingt go leor daoine chuig An Spidéal na laethanta seo, le siúlóid bhreá a dhéanamh ón Dumhach Mhór siar thar an Seanchéibh chomh fada leis an gCéibh Nua agus ar ais arís.

## SIAMSÁN SA MBAILE

Beidh **Siamsán sa mBaile** de chuid **Tuismitheoirí na Gaeltachta** ar bun ag meán lae ar an Satharn 24ú Aibreán. Ceardlann ag déanamh Tobairín na mBrionglóidí a bheas ann. Beidh sraith nua ranganna ceoil ar *Zoom* á thosú ar an Luan 26ú Aibreán freisin. Beidh na cúrsaí seo a leanas ar fáil: giotár do thionlacan, amhránaíocht, méarchlár agus drumaí. Cuirfear tús ar an gCéadaoin seo chugainn le cúrsa nua sé seachtaine i Suathaireacht do Leanaí ar *Zoom*, faoi stiúir an teiripeoir cáilithe, Veronica Ní Loideáin. Tá an cúrsa feiliúnach do thuismitheoirí agus a gcuid naíonán idir sé seachtaine agus deich mí d'aois. Níl aon chostas ar na cúrsaí seo, ach ní mhór clárú roimh ré trí ríomhphost a sheoladh chuig aisling@tuismitheoiri.ie

## COMÓRTAS REATHA NA GAELTACHTA


Cuireadh tús le **Comórtas Reatha na Gaeltachta** le gairid agus tá ag éirí go hiontach ar fad le foireann Chois Fharraige sin *Cosa Farraige*. Breis is 1,800km a thaistil an fhoireann an tseachtain seo caite, idir siúl agus rith! Glacadh na grianghraif áille seo le linn na seachtaine. Leanaigí leis!



## SCÉILÍNÍ CHOLÁISTE CHROÍ MHUIRE

Chruthaigh daltaí Idirbhliana **Choláiste Chroí Mhuire** podchraoladh faoi shaol Mháirtín Ó Cadhain mar chomóradh ar 50 bliain ó fuair sé bás. Mar chuid den chomóradh, tionóladh seachtain comórtha inár dhírigh muid ar shaothar Mháirtín Uí Cadhain. I rith na ranganna Gaeilge agus Fraincise scríobh muid dánta, gearrscéalta agus aistí faoi na héachtaí a bhain sé amach. I rith na seachtaine freisin bhí comórtais litríochta, ealaíne chomh maith le toraíocht taisce agus tráth na gceist bunaithe ar shaol agus ar shaothar laoch litríochta an Chnocáin Ghlais. Sa bpodchraoladh labhair muid le haíonna speisialta a raibh gaol gar acu le Ó Cadhain agus thug siad léargas pearsanta faoina shaol. Tá muid taréis an podchraoladh a chur isteach ar chomórtas phodchraoladh Gael Linn agus d'éist daltaí uile na scoile leis! Caithfear éisteacht leis!!!

Scríofa ag Ailbhe Ní Neachtain & Eamonn Ó Ceallacháin




Tá rang na hidirbhliana ag obair ar thionscnamh ceoil faoi láthair. Tar éis dóibh taifead a dhéanamh ar ghnáthfhuaimeanna an tí le linn an dianghlasála, tá siad ag úsáid an bhogearra eagarthóireachta ceoil *KDenLive* chun saothar nuachumtha a chruthú. Is bealach nua, glic é seo chun ceol a sheinm nuair nach féidir teacht le chéile faoi láthair! Agus iad i mbun na hoibre, bíonn an-spraoi ag an Idirbhliain leis an gcineál nua ceoil seo agus iad sábháilte ag an am céanna!

Scríofa ag Matilde Warsop agus Ciarán Ó Diomsaigh



## CEARDLANNA SCRÍBHNEOIREACHTA

Tá ceardlanna scríbhneoireachta ar théama an dinnseanchais á reáchtáil ag **Cló Iar-Chonnacht** i gcomhar le **Cúirt 2021** - **Féile Idirnáisiúnta Litríochta** le tacaíocht ó **Ealaín na Gaeltachta**. 'Saothair Nuascríofa Bunaithe ar an Dinnseanchas' an téama. Cuirfear tús leis na ceardlanna le filíocht ar an Luan 10ú Bealtaine @ 7-9i.n. agus pléifear prós ar an Luan 17ú Bealtaine @ 7-9in. Tugtar cuireadh do scríbhneoirí Gaeilge ar mhaith leo páirt a ghlacadh ann saothar dá gcuid (dán nó dhó nó píosa próis - físeán nó aiste - gan dul thar 5 leathanach) a bhaineann le gné ar leith den dinnseanchas a sheoladh chuig moccic22@outlook.com roimh an gCéadaoin 5ú Bealtaine. Is féidir cur isteach ar an dá cheardlann. Níl aon táille le n-íoc as freastal ar na ceardlanna. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig Micheál Ó Conghaile ag moccic22@outlook.com nó ag 091 593 307.

Cúirt International Festival of Literature
Féile Idirnáisiúnta Litríochta